Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

9214/26

PUBLIC 35
INF 145

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – MÁRTA 2026 |

Sa doiciméad seo liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2026.[1]

Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (i gcló iodálach).

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha trí nós imeachta i scríbhinn,[2]
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil.

Tá faisnéis faoi ghníomhartha eile arna nglacadh ag an gComhairle le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe na Comhairle, sa roinn 'Cruinnithe'[3]. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag: Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

[1] Ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, ní bheidh sna hachoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle ach faisnéis faoi ghníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha a ghlactar trí nós imeachta i scríbhinn. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de rialacha nós imeachta na Comhairle, 'Ullmhóidh an Ardrúnaíocht achoimre gach mí de na gníomhartha a glacadh i scríbhinn. Aon ráiteas a bheidh le cur i miontuairiscí na Comhairle, beidh sé san achoimre sin. Na codanna den achoimre a bhaineann le gníomhartha reachtacha a ghlacadh, déanfar iad a phoibliú.'

[2] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a ghlac an Chomhairle an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

[3] http://www.consilium.europa.eu/ga/home

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil fáil ar dhoiciméad, is féidir rochtain a iarraidh ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| Nósanna imeachta i scríbhinn | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 14 Márta 2026** | **CM 1978/26** |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin*<br>Cinneadh (CBES) 2026/696 ón gComhairle an 14 Márta 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5414/1/26<br>REV 1 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/695 ón gComhairle an 14 Márta 2026 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5416/26 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/696 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/695 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5417/2/26<br>REV 2 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 19 Márta 2026** | **CM 2165/26** |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI) a mhéid a bhaineann le moltaí ó pháirtithe éagsúla na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú*<br>Cinneadh (AE) 2026/733 ón gComhairle an 19 Márta 2026 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine a mhéid a bhaineann le moltaí ó pháirtithe éagsúla na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú | 6882/26 |

| An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 24 Márta 2026 | CM 2206/26 |
| --- | --- |
| *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (an dara léamh) - gan na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas* | CM 2206/26 |
| **Ráiteas ón bPortaingéil** | |
| Is mór ag an bPortaingéil obair Uachtaránacht na Cipire agus a réamhtheachtaithe i dtaca leis an anailís ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí agus an bhaint atá aige le Parlaimint na hEorpa.<br>D'áitigh an Phortaingéil riamh anall gur cheart, ní hamháin go mbeadh cur i bhfeidhm an Rialacháin níos éasca mar gheall ar aon leasú air, ach go gcoinneofaí agus go neartófaí cearta paisinéirí leis, lena gcumasaítear paisinéirí tairbhe a bhaint as an gcosaint atá ina eiseamláir do réigiúin eile ar fud an domhain.<br>Dá bhrí sin, vótáil an Phortaingéil i gcoinne chomhaontú polaitiúil na Comhairle, agus í den bharúil, go háirithe, gurb ionann na tairseacha a glacadh agus céim siar ó thaobh cearta paisinéirí a chosaint.<br>Chuir an Phortaingéil in iúl freisin go mbeadh an seasamh céanna aici don chaibidlíocht ina dhiaidh sin le Parlaimint na hEorpa agus thacaigh sí le tograí ó Pharlaimint na hEorpa ar chroí gnéithe ar nós méideanna an chúitimh agus an tairseach ama a mbeidh an cúiteamh sin dlite ina diaidh. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbíonn cearta paisinéirí infheidhme ach amháin i gcás locht ó thaobh diandliteanas pháirtithe leasmhara eile.<br>Ar an taobh eile, b'fhiú gnéithe de chomhsheasamh na Comhairle a chuimsiú i gcomhaontú deiridh, agus mar sin STAONANN an Phortaingéil sa nós imeachta i scríbhinn seo, d'fhonn an chaibidlíocht a thairg an Coiste Idir-réitigh a choimeád oscailte.<br>Mar sin féin, athdhearbhaíonn an Phortaingéil a toil ó thaobh leanúint leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar son feabhas substainteach i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chomhlíonann mianta na bpáirtithe leasmhara uile, le béim ar leith ar phaisinéirí a bhfuil a leasanna á gcosaint ag an Rialachán seo ó bhí 2004 ann. | |